




# Seanfhocal

'Is fiú ualach féir scaoth beach a bheith thart i mí na Bealtaine'.





# Spraoi Samhraidh




Tugtar LÁ BEALTAINE ar an gcéad lá de mhí na Bealtaine. Riamh anall b'fhéile in ómós do theacht an tsamhraidh í. B'am gnóthach d'fheirmeoirí é. Scaoiltí ba chun féaraigh, iad bréa sásta cead a gcos a fháil arís tar éis bheith gafa sa bhóitheach i rith an gheimhridh.



Chreidtí go mbíodh drochfhuadar faoi na síoga agus faoi neacha osnádúrtha eile idir luí na gréine Oíche Bhealtaine agus éirí na gréine maidin Bhealtaine. Ní ligtí d'aon duine aon rud a thabhairt as an teach i rith an ama sin ar eagla go ndéanfadh duine drochaigeanta piseog leo.



**An bhfeiceann tú na 12 Dhifear idir an dá phictiúr seo?**



Ba nós le páistí bláthanna fiáine (bláthanna buí de ghnáth) a bhaint Oíche Bhealtaine le tabhairt abhaile leo chun an teach a mhaisiú.



**Aimsigh slí chun dul chomh fada leis na bláthanna samhraidh**







RÉITIGH AR NA DÚCHEISTEANNA

Déan an cód MF seo a scanadh chun ár scannán faoin Samhradh a fheiceáil.

MUCKROSS HOUSE RESEARCH LIBRARY

© Iontaobhaithe Theach Mhucrois, Cill Airne, CTR, 2024

## An bhfeiceann tú na 10 Difear idir an dá phictiúr seo?



Bhíodh súil imníoch ag feirmeoirí ar an spéir **Lá Bealtaine,** iad ag faire ar chomharthaí aimsire.

Ba ag súil le Bealtaine fhliuch agus Meitheamh tirim a bhídís. Mar is léir ó na seanfhocail seo:

'Más fliuch gaofar í mí na Bealtaine, beidh na sciobóil lán le harbhar agus le féar.'

'Is leor Bealtaine fhliuch agus Meitheamh tirim chun an feirmeoir a chur ag portfheadaíl.'




Níl ach ceithre spota ar sciatháin Bhóín Dé amháin.

## An bhfeiceann tú í??



## Cá bhfuil an t-éan a d'imigh ón gcrann?



## Cad é an rud is ansa leat a dhéanamh i rith an tsamhraidh? Tabhair cuntas anseo.



_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________